



## Eanáir 2026

**Guímid 2026 sona ar gach duine i bpobal scoile Ghaelscoil na Mara!  
Táimid ar bís don bhliain nua amach romhainn agus táimid ag tnúth le Téarma 2 lán de spraoi.**

*Wishing everyone in the Gaelscoil na Mara community a happy and prosperous 2026!  
We are excited for the new year ahead and look forward to a fun-filled Term 2.*

### Cúrsaí Scoile

**Beidh na cruinnithe tuismitheoirí/múinteoirí ar siúl sa scoil, do chuile rang, Dé Céadaoin agus Déardaoin 28ú agus 29ú Eanáir 2026 ó a (1:50in N1/N2) 2:30in - 5in. Tosnóimid ag cur nascanna amach tríd Aladdin Dé Luain seo chugainn. Cinntigí go bhfuil do chuid fógraí ar siúl don aip ionas nach gailleann tú an meabhrúchán. Síngigh suas don lá agus an t-am a oireann leat bualadh le pé múinteoir/múinteoirí a bhíonn i mbun oibre le do pháiste. Má tharlaíonn sé nach féidir leat teacht ag cruinniú ar cheachtar don dá lá sin, is féidir teagmháil a dhéanamh leis an múinteoir ranga go díreach chun socrúcháin eile a dhéanamh gan mórán stró.**

*The parent/teacher meetings will be held at the school, for each class, on Wednesday and Thursday 28th and 29th January 2026 from (1:50pm N1 &N2) 2:30pm - 5pm. We will send out links through Aladdin from this coming Monday. Please ensure your notifications are turned on for the app so you don't miss the reminder.*

*Sign up for the day and time that suits you to meet whichever teacher/teachers are working with your child. If it so happens that you cannot attend a meeting on either of those two days, the class teacher can be contacted directly to make other arrangements without any hassle.*

[Maille@gaelscoilnamara.ie](mailto:Maille@gaelscoilnamara.ie)

[Orflaith@gaelscoilnamara.ie](mailto:Orflaith@gaelscoilnamara.ie)

[Jessie@gaelscoilnamara.ie](mailto:Jessie@gaelscoilnamara.ie)

[Sineadb@gaelscoilnamara.ie](mailto:Sineadb@gaelscoilnamara.ie)

[Cian@gaelscoilnamara.ie](mailto:Cian@gaelscoilnamara.ie)

[Niamh@gaelscoilnamara.ie](mailto:Niamh@gaelscoilnamara.ie)

[Nicole@gaelscoilnamara.ie](mailto:Nicole@gaelscoilnamara.ie)

[Clar@gaelscoilnamara.ie](mailto:Clar@gaelscoilnamara.ie)

**Meabhrúchán: Níl cead ag páistí scoile a bheith ar láthair na scoile le linn na cruinnithe. Agus cruinnithe tuismitheoirí-múinteoirí ar siúl, níl na háiseanna againn chun feitheoireacht a dhéanamh ar leanaí lasmuigh de na seomraí ranga. Iarrfaimid go**

**cineálta ar do chomhoibriú leis seo, chun cinntiú go bhfuil an t-am chruinnithe seo tairbheach do chách.**

*Reminder: Children are not permitted on the school grounds while meetings are in place. We do not have the facilities to look after children outside the classrooms while parents meet teachers. We kindly ask for your understanding and cooperation to ensure that meetings are beneficial to all.*

### **Tiomsiú Airgid do Naomh Uinsean de Póil**

**Mar is eol daoibh ar fad, bhain Gaelscoil na Mara an-sult as lá sna geansaithe Nollag ar an 16ú den mhí. Rinne na páistí roinnt oibre sna seomraí ranga ag foghlaim faoin gcarthanacht agus an obair a bhíonn ar siúl acu timpeall na tíre. Chabhraigh an obair seo linn agus muid ag iarraidh spiorad na Nollag a scaipeadh tríd cineáltais agus ag smaoineamh ar dhaoine eile i rith mí na Nollag. Míle buíochas libh go léir as an méid iontach airgid a bailíodh don bhailiúchán carthanachta Nollag - €744.50.**

**Nuair a thagann an scoil le chéile mar seo, léiríonn sé an t-ádh atá ar ár gcuid páistí a bheith mar chuid de phobal chomh cineálta, chomh cneasta agus chomh flaitiúil a ghlacann páirt i gcónaí agus a thugann ar mhaithe le daoine eile. Go raibh míle maith agaibh as bhur rannpháirtíocht.**

*As you all know, Gaelscoil na Mara enjoyed a day in their Christmas jumpers on the 16th of December to raise funds for St Vincent de Paul. The children did some work in the classrooms learning about the charity and the work they do around the country. These discussions helped us as we spread the Christmas spirit through kindness and thinking of others during the month of December. Thank you to everyone for raising such a fantastic sum of €744.50. When the school comes together like this, it really shows how lucky our children are to be part of such a kind, caring, and generous community who always get involved and give for the sake of others. Thank you all so much for taking part.*

### **Cúrsaí Thinrimh**

**Tá na 'Tuairiscí Tinrimh Scoile' dhá uair sa bhliain dlite agus mar sin cheapamar go dtapódh muid an deis dul siar agus míniú a thabhairt (do thuistí nua) ar conas a oibríonn tuairisciú tinrimh i scoileanna.**

**Déanann an múinteoir ranga an tinreamh a thaifeadadh go laethúil ar ár leabhair rolla ar líne tríd Aladdin ag 9:30rn. Tá chuile phíosa eolais faoi thinreamh do pháiste le feiceáil ar Aladdin.**

*The twice annual 'School Attendance Returns' are due so we thought we'd take the chance to remind you all (and inform new parents) how attendance recording and reporting works in schools. Attendance is recorded daily at 9:30am by the class teacher on our online roll books via Aladdin. All information regarding days missed etc is available to parents on the app.*

**Tá dhá bhealach tuairisc do thinreamh a dhéanamh do TUSLA:**

*There are two reporting mechanisms where attendance is reported to TUSLA, the child and family agency.*

## **1. Tuairiscí Tinrimh Scoile**

**Tá dhá thréimhse tuairiscithe sa bhliain, Meán Fómhair go Nollaig agus Eanáir go Meitheamh. Cuirimid na tuairisceáin tinrimh scoile isteach anois do Mheán Fómhair go Nollaig agus arís i mí an Mheithimh.**

**Ar an bhfoirm seo ní mór dúinn aon dalta, os cionn 6 bliana d'aois, a chaill 20 lá scoile ar chúis ar bith a liostú. Cuirfear in iúl duit má tá do pháiste san áireamh sa tuairisc. Is annamh a thiteann aon rud as na tuairiscí seo, ach amháin má chailltear i bhfad níos mó laethanta ná 20.**

**Má dhéantar é a leanúint, fiafróidh an tOifigeach Leasa Oideachais ar mhíniú na neamhláithreachtaí. Ní cúis imní iad neamhláithreachtaí mínithe, mar gheall ar bhreiteacht srl, agus níor cheart go mbeadh siad ina gcúis imní ar bith. D'fhéadfadh baint bhreise a bheith ag an Oifigeach Leasa Oideachais as líon mór neamhláithreachtaí gan mhíniú.**

**Ní ábhar imní iad na tuairiscí agus má fhaigheann tú litir ag rá go bhfuil do pháiste curtha san áireamh sa tuairisc. Cé go bhfuil tinreamh thar a bheith tábhachtach agus go bhfuil gaol láidir idir tinreamh maith agus torthaí feabhsaithe, tá cúiseanna an-réasúnta ann le páistí a choinneáil ón scoil agus tuigtear é seo.**

### *1. School Attendance Reports*

*There are two reporting periods in the year, September to December and January to June. We submit the school attendance returns now for September to December and again in June.*

*On this form we are required to list any pupils, over the age of 6, who have missed 20 school days for any reason. You will be informed if your child is included in the report. It is rare that these reports lead to any follow up, unless it was significantly more days missed, but it is possible. If it is followed up, the Education Welfare Officer will ask if the absences were explained. Explained absences, due to illness etc, are not a cause for concern and shouldn't cause any worry at all. A large number of unexplained absences may lead to further involvement from the Education Welfare Officer.*

*The reports are not something to be concerned about and if you get a letter saying your child has been included in the report, please don't be concerned. While attendance is hugely important and good attendance correlates strongly with improved outcomes, there are also very valid reasons for children to miss school and this is understood*

## **2. Atreoruithe Lánroghnacha**

**Déantar atreoruithe lánroghnacha nuair a bhíonn scoil buartha faoi thinreamh dalta. D'fhéadfadh sé seo tarlú mar gheall ar go leor neamhláithreachtaí gan mhíniú, patrún neamhláithreachta, saincheisteanna suntasacha leanúnacha le poncúlacht as a dtagann go leor ama foghlama cailte srl. Cuirfidh scoil páiste ar aghaidh chuig an Oifigeach Leasa Oideachais nuair a bhíonn na hábhair imní sin acu. Is é príomhról an Oifigigh Leasa Oideachais ná tacaíocht a thairiscint do theaghlaigh chun tinreamh a fheabhsú.**

**Rachaidh an scoil i dteagmháil le tuismitheoirí i gcónaí roimh atreorú chuig an Oifigeach Leasa Oideachais agus tacaíocht a thabhairt dóibh nuair is féidir.**

### *2. Discretionary Referrals*

*Discretionary referrals are made where a school is worried about the attendance of a pupil. This might be due to a lot of unexplained absences, a pattern of absence, significant ongoing issues with punctuality leading to a lot of missed learning time etc. A school will refer a child to the Education*

*Welfare Officer where they have these concerns. The role of the Education Welfare Officer is primarily to offer support to families to improve attendance.*

*The school will always contact parents before referring to the Education Welfare Officer and support where possible.*

### **Rudaí tábhachtacha le tabhairt faoi deara:**

**Tá sé mar aidhm ag nósanna tinrimh agus poncúlachta chinntiú go bhfaigheann an pháiste an taithí is fearr ar an oideachas agus go mhéadaíonn sé am foghlama. Táimid ar fáil chun tacú le haon chlann, má tá sé ag teastáil. Ní gá imní a bheith ort má fhaigheann tú litir ag rá go bhfuil do pháiste curtha san áireamh sa tuairisc tinrimh. Déantar neamhláithreachtaí mínithe a thaifeadadh mar sin, mhínithe ag an tuismitheoir. Déan cinnte cúis do neamhláithreachta a chur isteach ar Aladdin gach uair a bhíonn do pháiste as láthair, chun é sin a choinneáil ar taifead. Déan iarracht do pháiste a chur ar scoil roimh 8.40rn gach lá. Tuigimid nach mbíonn sé seo indéanta i gcónaí, agus bíonn tuiscint ann i gcónaí. Labhair leis an múinteoir ranga nó le hOrflaith más dúshlán leanúnach é agus is féidir nóta a dhéanamh de.**

### *Key things to note*

*The aim of attendance and punctuality procedures are to ensure the child gets the best experience of education and maximises learning time. We are available to support as needed. There is no need for concern if you get a letter saying your child has been included on the attendance report. Explained absences are recorded as such. Be sure to enter your absence reason on Aladdin each time your child is absent, to keep that on record. Aim to have your child in school before 8.40am each day. We understand this isn't always possible, we would always be understanding for extenuating circumstances. Chat to the class teacher or Orflaith if it's an ongoing challenge and a note can be made of it.*

### **Fógra maidir le Madraí ar thailte na scoile**

**Chun sábháilteacht agus folláine ár ndaltaí uile a chinntiú, táimid ag cur polasaí nua i bhfeidhm maidir le madraí ar thailte na scoile. Le cúpla mí anuas, tharla roinnt eachtraí ag geataí na scoile inar léim madraí in airde ar leanaí. Cé go dtuigimid gur baill thábhachtacha de bhur dteaghlaigh iad na peataí seo, níl rudaí ag oibriú amach sa charchlós nó ag na geataí dhubh agus tá sé ag cruthú strus dár ndaltaí.**

**Ní cheadaítear madraí ar thailte na scoile a thuilleadh. Níl cead ag aon mhadra dul thar na geataí glasa seachtracha ag am ar bith.**

**Tá sé ríthábhachtach go dtabharfaimis cosaint dár ndaltaí óga, go háirithe iad siúd a bhfuil faitíos orthu roimh mhadraí. Ní mór dúinn a bheith thar a bheith cúramach freisin maidir lenár ndaltaí atá réamhlabhartha, neamhlabhartha, nó a bhfuil mutachas roghnach acu, mar nach mbíonn siad in ann iad féin a chur in iúl i gcónaí sna cásanna seo. Tá sé de cheart ag gach páiste teacht agus imeacht ón scoil ag mothú slán agus socair. Gabhaimid buíochas libh as bhur gcomhoibriú chun timpeallacht shábháilte a chinntiú do gach dalta.**

*To ensure the safety and well-being of all our students, we are implementing a new policy regarding dogs on school premises. Over the past few months, there have been several incidents at the school*

*gates where dogs have jumped on children. While we know these pets are beloved members of your families, the close proximity in the car park and at the black gates is causing unnecessary stress for our pupils.*

*Effective immediately, dogs are no longer permitted on school grounds. No dogs are to pass the green external gates at any time.*

*It is paramount that we protect our young students, many of whom have a significant fear of dogs. We must also be especially mindful of our students who are pre-verbal, non-verbal, or selectively mute, as they cannot always communicate their distress in these situations. Every child deserves to enter and leave school feeling safe and calm. We thank you for your cooperation in keeping our school gates a welcoming environment for every student.*

### **Cairde na Scoile**

**Beidh Cruinniú Cinnbhliana Coiste na dTuismitheoirí ar siúl sa scoil Dé Máirt 20ú Eanáir ag a 7:45in.**

**Tá muid ar bís cuireadh a thabhairt do thuismitheoirí atá anseo roinnt bliain agus do thuismitheoirí nua, teacht ar Choiste Chumann na dTuismitheoirí, Cairde na Scoile. Is deis iontach é seo le bheith níos rannpháirtí inár bpobal scoile, le do chuid smaointe a chur le chéile, agus le fiordhifriocht a dhéanamh i saol ár ndaltaí. Le chéile, is féidir linn timpeallacht thacúil, bhríomhar a chruthú chun go mbeidh rath ar ár bpáistí. Bígí linn le cuidiú linn todhchaí ár scoile a mhúnlú!**

**Thar ceann phobal na scoile ar fad, ba mhaith liom ár mbuíochas ó chroí a ghabháil leis an gcoiste reatha uilig, atá ag eirí as, as bhur dtacaíocht i rith na bliana seo caite. Chuir bhur n-iarrachtaí in eagrú imeachtaí shóisialta do pháistí agus tuismitheoirí go mór le saol na scoile.**

*A new Cairde na Scoile committee is to be formed at the end of this month. The Annual Meeting of the Parents' Committee will take place in the school on Tuesday 20th January at 7:45pm. We are excited to invite both seasoned and new parents to join our Parents Association Committee, Cairde na Scoile. This is a wonderful opportunity to become more involved in our school community, contribute your ideas, and make a real difference in the lives of our students. Whether you have a wealth of experience or are new to the school, your perspective is invaluable. Together, we can create a supportive, vibrant environment for our children to thrive. Join us in helping to shape the future of our school!*

*On behalf of the entire school community, I want to extend our heartfelt thanks and deepest appreciation to each member of the current Cairde na Scoile committee, who are retiring (!) for your incredible support in organising different events, fun days, putting up and taking down decorations and adding general fun and magic about the place throughout the past year.*

### **Suíomh Idirlíne Scoile Nua**

**Tá lúcháir orainn a fhógairt go bhfuil muid ag obair go dian go ciúin le cúpla mí anuas chun suíomh gréasáin nua a chruthú don scoil. Fanann an seoladh mar an gcéanna aige <https://www.gaelscoilnamara.ie/> ach beidh an leagan amach i bhfad níos inrochtana agus níos fusa le húsáid.**

*We are delighted to announce that we have been working hard behind the scenes over the past few months to create a brand-new school website. While our web address remains the same <https://www.gael scoil namara.ie/> you will find a much more accessible, user-friendly layout designed to keep you better informed.*

**Gné nua spéisiúil ná go mbeidh a mblag féin ag gach rang agus iad freagrach as. Lenár 12 iPad nua, rud a chiallaíonn go bhfuil 18 cinn sa scoil anois, tá muid ag súil go n-oibreoidh na leanaí as lámha a chéile chun na blaganna seo a nuashonrú go rialta. Beidh tú in ann teacht ar:**

- Nuashonruithe faoi thionscadail reatha.
- Nuacht an ranga.
- Grianghraif agus físeáin den obair iontach atá ar siúl sna seomraí ranga.

*One of our favourite new features is the introduction of Class Blogs. Each class will now be responsible for their own digital space. Following the investment in 12 new iPads, bringing our school total to 18, students will be working collaboratively to update these blogs regularly. You can look forward to seeing:*

- Updates on current projects.
- Latest class news.
- Photos and videos of the wonderful work happening in the classrooms.

**Chun an t-ardán nua seo a chur ag obair i gceart, beidh na múinteoirí ag freastal ar sheisiún oiliúna ar an Aoine, an 30 Eanáir, ó 13:10. Beidh an seisiún seo dírithe ar na blaganna a chur ar bun go héifeachtach. Coinnigí súil ghéar amach sna seachtainí amach romhainn agus an turas digiteach seo ag tosú!**

*To ensure we make the most of this new platform, our teaching staff will be attending a specialised training session on Friday, 30th January, from 13:10. This session will focus on getting the blogs up and running effectively. We encourage you to keep your eyes peeled in the coming weeks as our digital journey begins!*

## **Dátaí don Dialann**

**Cruinniú Cinn bliana Cairde na Scoile : Dé Mairt 20ú Eanáir @7:45in**  
*Annual Meeting of the Parents' Committee : Tuesday 20th January at 7:45pm.*

**Cruinnithe Tuismitheoirí/Múinteoirí : Céadaoin 28ú agus Déardaoin 29ú Eanáir 2026**  
*Parent/Teacher Meetings : Wednesday 28th and Thursday 29th January 2026*

**Scoil ag dúnadh do chách @13:10 do chruinniú foirne : Aoine 30ú Eanáir**  
*School closes for all at 13:10 for staff meeting : Friday 30th January*

**Lá saoire bainc : Luan 2ra Feabhra 2026 - Scoil Dúnta**  
*Bank Holiday : Monday 2nd February 2026 - School Closed*

**Briseadh Meán-Téarma : Luan 16ú - Aoine 20ú Feabhra - Scoil Dúnta**

*Mid-term Break : Monday 16ú - Friday 20th February - School Closed*

**Lá Eisceachtiúil don Traenáil ar an gCuraclam Nua: Luan 9ú Márta - **Scoil Dúnta****

*Exceptional Closure day for training on new Curriculum : Mon 9th March - **School Closed***

**Le meas agus buíochas,**

**Orflaith**